**Sarah Ghriallais**

Le blianta anois tá an gradam seo á bhronnadh ar chuid de scoth amhránaithe an taobh seo tíre agus cuireann sé an-áthas orm go bhfuil an gradam a bhronnadh i mbliana ar Shorcha bean Uí Chonfhaola, nó Sarah Ghriallais mar is fearr aithne uirthi i measc lucht na n-amhrán. De shliocht an-cheolmhar agus an-cháiliúil í Sarah, dream a bhfuil clú bainte amach acu dóibh féin maidir leis an amhránaíocht dhúchasach in Éirinn agus thar lear.

Is é Corn Uí Riada, deirtear, an gradam is airde is féidir le hamhránaí ar an sean-nós a bhuachan, agus tá an gradam sin buaite, dar ndóigh ag Sarah féin. Ach má chuirimid an t-aguisín leis, go bhfuil an gradam buaite 8 n-uaire ag an muintir seo, tuigfimid láithreach go bhfuil muid i measc amhránaí den scoth, agus amhránaí ar cás léi na hamhráin mar chuid de ghréasán saibhir pobail agus teaghlaigh.

Is iomaí sin gradam eile a bhuaigh Sarah in imeacht na mblianta an Comórtas Idirnáisiúnta Pan-Ceilteach ar cheann acu agus comórtais eile áitiúla agus náisiúnta. Chas sí Amhrán Mhaínse sa scannán a rinne Bob Quinn, Budawanny, sa bhliain 1987, agus roimhe sin arís bhí sí páirteach sa tionscnamh cáiliúil sin Blas Meala a d’eagraigh Brian O’Rourke, agus a chuir leaganacha breátha Béarla de chuid de na hamhráin ar fáil agus iad á gcanadh ag cuid d’amhránaithe móra Chonamara.

Ní taobh leis an amhránaíocht amháin atá Sarah. Is aisteoir í a ghlac páirt i scannáin éagsúla le blianta agus a chuir comhairle ar Amharclann Druid, nuair a bhí siad ag iarraidh eolas a fháil faoin gcaoi leis an gcaoineadh a chur i láthair ar an ardán i gceart. Focal é ildánach a úsáidtear go minic na laethanta seo, agus b’fhéidir go mbaintear an iomarca úsáide as uaireanta ar bheagán cúise. Ach is féidir a rá go fírinneach gur pearsa ildánach í Sarah de bharr na suime atá curtha aici sna healaíona dúchais le blianta fada. Tá an tallann sin le feiceáil go minic ó

thosaigh TG4 ag craoladh tá 20 bliain ó shin. Ní hé amháin go gcloistear glór breá suaithinseach Sharah ag casadh na n-amhrán ar an scáileán agus anois ar an idirlíon chomh maith, ach tá sí go maith in ann craiceann a chur ar scéalta na n-amhrán agus iad a inseacht go cruinn paiteanta freisin. Agus í ag caint le Ciarán Ó Gealbháin ar chlár faoin nGorta, chas sí an t-amhrán cáiliúil sin 'Johnny Seoighe' dó agus nuair a bhí an t-amhrán ráite aici, d'inis sí scéal nó údar an amhráin chomh maith. Dúirt Ciarán léi ansin nach mbíodh mórán ban ag rá an amhráin áirithe sin, ach í féin. Agus is é a dúirt Sarah mar fhreagra air sin, i bhfaiteamh na súl, 'Tá muineál a'amsa, bíodh a fhios agat!'

Má tá agus go bhfuil, tá an scornach aici freisin, agus an misneach a theastaíonn le brí a chur sna hamhráin ar bhealach a bhaineann léi féin amháin. Nuair a chanann Sarah, aithníonn gach duine an glór sainiúil, toll, a líonann an seomra agus a bheireann ar an gcroí. Mar a deir Stoc na Cille i leabhar cáiliúil Mháirtín Uí Chadhain, 'Caithfear éisteacht.'

Tá taifeadtaí go leor déanta ag Sarah in imeacht na mblianta agus is taifeadtaí tábhachtacha iad a raibh tionchar acu ar ghlúinte amhránaithe a tháinig aníos ina diaidh. Tá an ceann a rinne sí le Brian Ó Ruairc *Blas Meala* ar cheann de na cinn is cáiliúla (1984), agus chuir léirmheastóir amháin a scríobh faoin taifeadadh sin síos ar a guth agus ar a stíl ar an mbealach seo, agus í ag gabháil 'Amhrán Mhaínse':

> Fíonn an t-amhrán seo eangach thart ar mo chroí. Is giall mé ag an stíl chanta. Is cime mé ag an nguth Gaelach. Ní dóigh liom gurb iad na focail a dhéanann an beart, mar níl iontu i ndáiríre, ach an meán trína n-oibrítear an asarlaíocht seo orm (Peadar Bairéad, *Comhar* 45:1 (1986): 33).

Téarma cruinn é an focal seo 'asarlaíocht' le cur síos a dhéanamh ar ghlór sainiúil uathúil an fhonnadóra seo. Is minic a d'imir an glór céanna draíocht orm féin. Tá cumas ar leith ag Sarah leis na breacnuithe maiseacha sin a chuireann

tois eile leis an gceol a chur i bhfeidhm ar fhoinn na n-amhrán le cuma eile a chur orthu agus le hiad a athnuachan, sa gcaoi go gceapfá gur ag éisteacht leis an amhrán den chéad uair atá tú. Sin draíocht nach dtagann le muineál amháin ach le tuiscint dhomhain ar an scéalaíocht, ar an tíocht i láthair, ar fhírinne agus ar bhréag na healaíne, mar a fhaightear iad san amhrán, sa duine, san am, agus san áit le chéile.

Tá cáil faoi leith ar Sharah as amhráin faoi leith a chanann sí, agus tá an oiread sin acu aici agus í á bhfoghlaim i gcónaí, go saolaí Dia í. Ritheann téarma eile liom, 'jondura' an focal a úsáideann muintir na hAndalúise le cur síos a dhéanamh ar an amhránaíocht cheart. Doimhneacht a chiallaíonn sé sin agus tá a mhacsamhail le brath go láidir ar amhránaíocht Sharah. Cuireann sí a stampa féin freisin ar an amhrán faoina baile féin 'Amhrán Chamais' a léiríonn an dáimh láidir atá aici lena dúchas. Níl am agam ach cúpla sampla a lua: tá 'Contae Mhaigh Eo' agus 'Sagart na Cúile Báine' cinnte sa deichniúr is fearr a luaitear léi agus dar ndóigh, ní féidir dearmad a dhéanamh den leagan sainiúil atá aici den amhrán 'Úna Dheas Ní Nia'. Tá Aon duine a chonaic Sarah ag casadh 'Amhrán Pheter Mhicil Báille' atá le fáil ar You Tube, tuigfidh siad go díreach an rud a bhfuilim ag cur síos air. Is amhrán é sin a thug an file dá deirfiúr Nan, agus tá cáil ar an leagan den amhrán a bhí aicise. Ach is féidir an neart agus an tiomáint chéanna sin, agus an tuiscint ar chrá agus ar phian an fhile a chloisteáil go soiléir i leagan Sharah. Maireann sí an t-amhrán agus í á rá. Ní taobh le hamhráin bhrónacha amháin atá Sarah. Is cuimhin liom blianta maithe ó shin agus muid ag déanamh na sraithe *Sruth na Maoile* thoir tigh Alec Finn, i gCaisleán Óráin Mhóir, gur iarradh ar Sharah agus ar bheirt eile 'Óra Mhíle Grá' a rá le chéile. Maidhcil Mháire an Ghabha Ó Ceannabháin agus Dara Bán Mac Donnchadha an bheirt a bhí i gceist, beannacht Dé leo, agus m'anam gur fiú an taifeadadh sin a chloisteáil mar gheall ar an magadh ar an bhfeannadh a rinne an triúr sin ar a chéile an lá sin.

Inniu san Ollscoil inniu thug duine de scoláirí móra domhanda an bhéaloidis, Henry Glassie, léacht faoin amhránaí mná Ola Belle Reed, a raibh aithne aige féin uirthi agus ar thóg sé a cuid amhrán uaithi. Cé gur amhránaí gairmiúil a bhí inti agus go mbíodh sí go rialta ar ardáin, ní minic a fuair sí deis a cuid amhrán a rá ar a bealach féin. Thug Henry an deis sin di agus b'iontach an cur síos a rinne sé uirthi, ar a neamhspleáchas, ar a tuiscint, ar a ciall don fhilíocht agus don cheol agus ar a buanseasmhacht dhochloíte. Tá na tréithe céanna sin le feiceáil i saothar Sharah Ghriallais agus cuireann sé gliondar orm í a fhógairt mar amhránaí cónaitheach na bliana seo in Ionad Léann na hÉireann, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Lillis Ó Laoire

Gaillimh, Lá Fhéile Muire na gCoinneal, 2017.